Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0170(NLE)**
**2023/0169(COD)**

**10108/23**
**ADD 5**

**JUSTCIV 80**
**JAI 770**
**EJUSTICE 20**
**CODEC 1012**
**FREMP 173**
**IA 129**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 156 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta agus Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit a bheith ina bpáirtithe nó fanacht ina bpáirtithe, chun leas an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 156 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 156 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2023
SWD(2023) 156 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta**

**agus**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit a bheith ina bpáirtithe nó fanacht ina bpáirtithe, chun leas an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta**

{COM(2023) 280 final} - {SEC(2023) 208 final} - {SWD(2023) 154 final} - {SWD(2023) 155 final}

GA GA

## 1. AN GÁ LE BEART

### 1.1 Cén fhadhb atá ann, cad is cúis léi agus cad iad na hiarmhairtí a bhaineann léi?

Daoine soghonta, is daoine iad atá os cionn 18 mbliana d'aois nach bhfuil in ann a gcuid leasanna airgeadais nó pearsanta a chosaint mar gheall ar a gcuid cumas pearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach. Tá méadú ag teacht de shíor ar líon na ndaoine soghonta sa Aontas mar gheall go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine faoi mhíchumas, agus mar gheall go bhfuil an daonra ag dul in aois. Ag brath ar reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil cónaí orthu ann, d'fhéadfaí iad a chur faoi bheart cosanta le cinneadh cúirte nó riaracháin, nó d'fhéadfadh tríú páirtí a d'ainmnigh siad roimh ré (trí 'chumhachtaí ionadaíochta') tacú leo chun a leas a bhainistiú.

As an leochaileacht mhéadaitheach sin, in éineacht le soghluaisteacht mhéadaitheach daoine san Aontas, eascraíonn roinnt saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine soghonta aghaidh a thabhairt orthu i staideanna trasteorann. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur gá do dhaoine a sócmhainní nó réadmhaoin atá lonnaithe i dtír eile a bhainistiú, dul faoi chúram leighis éigeandála nó beartaithe ar an gcoigríoch nó bogadh go tír eile ar chúiseanna éagsúla. In éagmais staitisticí, measadh go bhfuil idir 145 000 agus 780 000 duine soghonta i staid trasteorann.

Sna staideanna trasteorann sin, bíonn ar dhaoine soghonta dul i ngleic le rialacha casta Ballstát a thagann salach ar a chéile uaireanta maidir le conas cinneadh a dhéanamh cén chúirt a bhfuil dlínse aici, cén dlí is infheidhme ina gcás-sa, agus conas éifeacht a thabhairt do chinneadh a glacadh nó do chumhachtaí ionadaíochta a bunaíodh ar an gcoigríoch. An tráth céanna, i gcásanna trasteorann, bíonn ar chúirteanna agus údaráis phoiblí eile a bhfuil an chosaint faoin gcúram déileáil le bacainní teanga, cumarsáid chiotach ar pháipéar, easpa comhair le húdaráis Ballstát eile agus easpa faisnéise maidir le córais dlí Ballstát eile. Fágann sé sin go mbíonn staideanna ann ina mbíonn ar dhaoine soghonta, a dteaghlaigh agus a n-ionadaithe déileáil le héiginnteacht dhlíthiúil shuntasach maidir leis na rialacha a mbeidh feidhm acu maidir lena gcás, maidir le toradh na nósanna imeachta agus maidir leis na foirmiúlachtaí is gá dóibh a chur i gcrích. Chun a chinntiú go mbeidh siad cosanta go fóill thar theorainneacha nó go mbeidh rochtain acu ar a gcearta ar an gcoigríoch, is minic a bhíonn orthu dul trí nósanna imeachta fada costasacha. I roinnt cásanna, ar deireadh ní aithníonn cúirteanna nó gníomhaithe neamhbhreithiúnacha, cuir i gcás bainc, foirne leighis nó gníomhairí eastáit, a gcosaint agus na cumhachtaí a thugtar dá n-ionadaithe.

Soláthraítear le hionstraim dlí idirnáisiúnta, *Coinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta* ('Coinbhinsiúin HCCH'), roinnt réitigh ar na fadhbanna a luadh. Leagtar síos ann rialacha maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme in ábhair a bhaineann le daoine soghonta, chomh maith le rialacha maidir le bearta sa réimse seo a aithint, agus bunaítear leis sásraí comhair idir a bpáirtithe conarthacha. Níl ach 11 Bhallstát ina bpáirtithe i gComhdháil HCCH, áfach. Níl aon reachtaíocht AE a dhéanann na rialacha maidir le daoine a chosaint i gcásanna trasteorann a chomhchuibhiú.

D'fhéadfadh na fadhbanna a dtugtar tuairisc orthu thuas maidir le daoine soghonta i gcásanna trasteorann a gcearta bunúsacha a shrianadh go mór (an ceart chun neamhspleáchais, an ceart rochtana ar an gceartas, an ceart chun maoine agus an ceart chun saorghluaiseachta san áireamh), rud a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*, coinbhinsiún a bhfuil an tAontas Eorpach agus na Ballstáit uile ina bPáirtithe ann. Thairis sin, mar gheall ar na fadhbanna bíonn an chosaint thar theorainneacha an Aontais neamhleanúnach agus déanann siad difear do shláinte agus folláine na ndaoine lena mbaineann, rud a chruthaíonn mórchiapadh síceolaíoch dóibh, agus éagothromaíochtaí á mbuanú an tráth céanna. Faoin staid atá ann faoi láthair, cuireann na fadhbanna sin isteach ar údaráis phoiblí agus ar

chúirteanna chomh maith, sa chaoi go mbíonn orthu déileáil le hualach oibre breise agus castacht dhlíthiúil mhéadaithe sna cásanna sin.

### 1.2 Cad é ba cheart a bhaint amach?

Ba é ba **chuspóir ginearálta** do ghníomhaíocht an Aontais cearta a chosaint, cearta bunúsacha daoine soghonta san áireamh. Bhainfí sin amach trí na **cuspóirí sonracha** seo a leanas: (i) cur leis an deimhneacht dhlíthiúil don phobal i gcoitinne agus do na húdaráis phoiblí lena mbaineann; (ii) aitheantas trasteorann beart cosanta agus cumhachtaí ionadaíochta a éascú; agus (iii) nósanna imeachta a dhéanamh níos tapa agus níos saoire.

## 2. RÉITIGH

### 2.1 Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí sin a bhaint amach?

Bunaithe ar Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le bearta a ghlacadh a bhaineann le cásanna trasteorann in ábhair shibhialta agus tráchtála, tá an inniúlacht ag an Aontas gníomhú i dtaca leis na fadhbanna thuasluaite a mbíonn ar dhaoine fásta déileáil leo i gcásanna trasteorann.

Breithníodh na roghanna beartais seo a leanas:

- **Rogha 1:** An cás bonnlíne
- **Rogha 2:** Cinneadh ón gComhairle lena gcuirfí oibleagáid ar na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú laistigh de thréimhse ama áirithe
- **Rogha 3:** Rialachán AE maidir le daoine a chosaint
- **Rogha 4:** Meascán de roghanna 3 agus 4 (cinneadh ón gComhairle agus rialachán AE).

### 2.2 Cad í an rogha thosaíochta?

Is í rogha 4 an rogha thosaíochta, an t-aon rogha a thugann aghaidh iomlán ar na fadhbanna a thagann chun cinn i gcásanna trasteorann. Leis an rogha sin, bheifí in ann na rudaí seo a leanas a ghlacadh: (i) tacar coiteann rialacha (bunaithe ar fhorálacha Choinbhinsiún HCCH) is infheidhme maidir le gach Ballstát agus (trí Choinbhinsiún HCCH é féin) maidir le stáit chonarthacha eile den Choinbhinsiún lasmuigh den Aontas Eorpach freisin; agus (ii) rialacha lena gceadaítear comhar níos dlúithe, nuachóirithe agus simplithe laistigh den Aontas Eorpach, bunaithe ar phrionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí. Chruthófaí deimhniú Eorpach ionadaíochta, doiciméad aonair a bheadh ina chruthúnas ar chumhachtaí duine chun ionadaíocht a dhéanamh do dhuine fásta ar an gcoigríoch vis-à-vis údaráis phoiblí agus gníomhaithe neamhbhreithiúnacha araon agus a chabhródh, dá réir sin, lena áirithiú go n-urramófaí ar an gcoigríoch an chosaint arna deonú i mBallstát amháin ar bhonn beart um chosaint nó ar bhonn cumhachtaí ionadaíochta deimhnithe. Dhéanfaí comhar sa réimse seo a dhigiteáil agus laghdófaí bacainní teanga.

## 3. TIONCHAIR NA ROGHA TOSAÍOCHTA

### 3.1 Tairbhí na rogha tosaíochta

Dá nglacfaí rialacha comhchoiteanna agus dá mbeadh comhar feabhsaithe ann laistigh den Aontas Eorpach, d'áiritheofaí leanúnachas na tacaíochta do dhaoine soghonta i staideanna trasteorann chun gach críche. Ráthófaí go mbeadh rochtain chomhionann acu ar an gceartas, d'áiritheofaí go mbeidís in ann a sócmhainní nó maoin ar an gcoigríoch a bhainistiú, agus d'áiritheofaí go leanfaí lena gcúram

leighis. Thairis sin, dá dtabharfaí aitheantas do na socruithe arna ndéanamh roimh ré (cumhachtaí ionadaíochta), thabharfaí cosaint dá neamhspleáchas agus sheachnófaí an gá dul os comhair cúirte. Dá bhrí sin, bheadh tionchar dearfach ag an rogha thosaíochta maidir le **cosaint ceart bunúsach daoine soghonta** i staideanna trasteorann, mar aon le **tionchair dhlí dhearfacha** eile. Rogha beartais 4 ab éifeachtaí maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na héiginnteachta dlíthiúla, na n-imeachtaí costasacha fada, agus an neamhaitheantais do bhearta cosanta agus cumhachtaí ionadaíochta ar an gcoigríoch. Dá bhrí sin, is í a rogha sin ab fhearr a bhainfeadh cuspóirí beartais an tionscnaimh amach.

Bheadh **tionchar sóisialta** dearfach ag an rogha thosaíochta freisin toisc go rachadh sé chun sochair d'fholláine, sláinte, cuimsiú agus comhionannas daoine soghonta.

Trí rialacha comhchoiteanna de chuid an Aontais a ghlacadh, dhéanfadh an rogha thosaíochta **nósanna imeachta a shimpliú agus a luathú**. As sin thiocfadh coigilteas suntasach i dtéarmaí costas, ama agus ualaigh do dhaoine fásta i staideanna trasteorann agus d'údaráis phoiblí na mBallstát araon. Faoi rogha 4, measadh gur idir EUR 2,4 billiún agus EUR 2,5 billiún a bheadh i gceist leis an gcoigilteas iomlán maidir leis na costais a bhaineann le nósanna imeachta.

Ní mór an tionchar maicreacnamaíoch agus comhshaoil a bheadh ag an rogha thosaíochta.

### 3.2 Costais na rogha tosaíochta

Ní chuirfeadh an rogha thosaíochta aon chostas ar dhaoine soghonta i staideanna trasteorann.

Na costais a ghinfeadh an rogha thosaíochta do na Ballstáit, costais mheasartha a bheadh iontu agus, den chuid is mó, ba mhó iad na gnóthachain éifeachtúlachta (coigilteas costas a ghinfí trí nósanna imeachta a shimpliú) faoin rogha thosaíochta.

### 3.3. Coimhdeacht agus comhlántacht na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

Bíonn éagsúlachtaí i rialacha na mBallstát a bhfuil feidhm acu maidir le cásanna trasteorann agus an easpa comhair idir údaráis ina gcúis le héiginnteacht dhlíthiúil, nósanna imeachta fada costasacha, agus neamhaitheantas do bhearta cosanta agus do chumhachtaí ionadaíochta. Éilíonn na fadhbanna sin go nglacfaí comhrialacha, agus ní féidir leis na Ballstáit ag gníomhú dóibh ina n-aonar iad a réiteach. Dá bhrí sin, ba ar leibhéal an Aontais ab fhearr a bhainfí amach cuspóirí an tionscnaimh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

Urramófaí prionsabal na comhréireachta leis an tionscnamh chomh maith. Trí chórais dhlí a nascadh, ní dhéanfadh an tionscnamh ach fadhbanna a réiteach i staideanna trasteorann agus ní chuirfeadh sé isteach ar inniúlacht na mBallstát reachtaíocht shubstainteach náisiúnta a ghlacadh maidir le daoine a chosaint, lena n-áirítear an cineál beart atá ar fáil, cumhachtaí ionadaíochta a bheith ann, raon na gcumhachtaí sin, na cumhachtaí sin a mhodhnú, agus na rialacha nós imeachta a bhfuil feidhm acu maidir le modh feidhmithe nó cur chun feidhme na cosanta. Ní rachadh an reachtaíocht thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach.